



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra méadaithe)

19 Samhain 2025*

(REACH – An substaint dé-treas-búitil 1,1,4,4-teitreameitilteitreameitiléin dé-sárocsaíd – Seiceáil ar chomhréireacht na gclárúchán – Iarraidh go ndéanfar tuilleadh staidéir thocsaineachta – Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Earráid fíorais – Comhréireacht – Cinneadh ó Bhord Achomhairc ECHA – Inghlathacht na n-argóintí atá dírithe i gcoinne chinneadh ECHA)

I gCás T-1122/23,

Nouryon Functional Chemicals BV, atá bunaithe in Amstardam (an Ísiltír),

Arkema GmbH, atá bunaithe in Düsseldorf (an Ghearmáin),

Pergan Hilfsstoffe für industrielle Prozesse GmbH, atá bunaithe in Bocholt (an Ghearmáin),

United Initiators GmbH, atá bunaithe in Pullach im Isartal (an Ghearmáin), arna hionadú ag R. Cana agus Z. Romata, Avocates,

iarratasóirí,

v

an **Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)**, arna hionadú ag T. Basmatzi, F. Becker agus L. Bolzonello, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra méadaithe),

agus í comhdhéanta, le linn na bpléití, mar seo a leanas: M. J. Costeira, Uachtarán, M. Kancheva, U. Öberg, P. Zilgalvis (Rapóirtéir) agus E. Tichy-Fisslberger, Breithiúna,

Cláraitheoir: M. Zwozdziak-Carbonne, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

i dtaca le héisteacht an 13 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas

* Teanga an cháis: an Béarla.

Breithiúnas

1 Lena gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, Nouryon Functional Chemicals BV, Arkema GmbH, Pergan Hilfsstoffe für industrielle Prozesse GmbH agus United Initiators GmbH, go gcuirfí Cinneadh A-009-2022 ó Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) an 19 Meán Fómhair 2023 ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní, lenar dhiúltaigh an Bord Achomhairc sin go páirteach dá gcaingean i gcoinne chinneadh ECHA an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an tseiceáil comhlíonta ar an sainchomhad clárúcháin le haghaidh na substainte dé-treas-búitil 1,1,4,4-teitreameitilteitreameitilín dé-sárocsaíd ('an tsubstaint lena mbaineann') arna ghlacadh de bhun Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO 2006 L 396, lch. 1, agus ceartúchán IO 2007 L 136, lch. 3; 'Rialachán REACH') ('an cinneadh tosaigh').

Cúlra na díospóide

- 2 Is iad na hiarratasóirí cláraithe na substainte lena mbaineann faoin rialachán REACH.
- 3 Chláraigh siad an tsubstaint lena mbaineann idir 2011 agus 2013 le haghaidh cainníocht idir 100 agus 1 000 tonna in aghaidh na bliana, a chomhfhreagraíonn don mhéid monaraíochta nó allmhairithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH.
- 4 Tar éis seiceáil comhlíontachta a rinne ECHA de bhun Airteagal 41 de Rialachán REACH, ghlac an Gníomhaireacht sin an cinneadh tosaigh lena gceanglaítear ar na hiarratasóirí faisnéis a chur isteach, roimh an 15 Meán Fómhair 2025, maidir le staidéar sínte ar thocsaineacht ar atáirgeadh thar aon ghlúin ('EOGRTS') faoi Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin, lena n-áirítear, *inter alia*, cohóirt 1A (tocsaineacht ar atáirgeadh), cohóirt 1B (tocsaineacht ar atáirgeadh) gan síneadh chun ainmhithe cúplála ó chohóirt 1B a tháirgeadh chun glúin F2, cohóirt 2A agus 2B (néarthocsaineacht fhorbarthach) a tháirgeadh agus staidéir ar fheidhmeanna foghlama agus cuimhne mar a thuairiscítear i mír 37 de Threoirlíne 426 ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) a chomhfhreagraíonn do mhodh tástála B.53 an Aontais.
- 5 An 8 Meán Fómhair 2022, thionscain na hiarratasóirí achomharc i gcoinne an chinnidh tosaigh de bhun Airteagal 91(1) de Rialachán REACH.
- 6 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, dhiúltaigh an Bord Achomhairc go páirteach don achomharc maidir le hoibleagáid na n-iarratasóirí faisnéis a sholáthar ar EOGRTS a thugtar do fhrancaigh trína mbéal, ina bhfuil cohóirt 1A agus 1B (gan síneadh chun glúin F2 a áireamh) faoi cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH ('EOGRTS a bhfuil bundearadh aige'), chomh maith le cohóirt bhreise 2A agus 2B faoi cholún 2 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin. Leag sé síos an 26 Nollaig 2026 mar an spriocdháta faoina raibh na hiarratasóirí chun an fhaisnéis sin a chur isteach.

An t-ordú atá á lorg

- 7 Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:
- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, sa mhéid a cheanglaítear orthu faisnéis a chur isteach ar EOGRTS a bhfuil bundearadh aige le cohóirt bhreise 2A agus 2B faoi cholún 2 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH;
 - a ordú do ECHA na costais a íoc.
- 8 Iarrann ECHA ar an gCúirt Ghinearálta:
- an chaingean a dhíbh;
 - a ordú do na hiarratasóirí na costais a íoc.

An dlí

- 9 Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí cúig shaincheist dlí.
- 10 An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH, sa mhéid gur ceanglaíodh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ar na hiarratasóirí faisnéis a chur isteach maidir le EOGRTS a bhfuil bundearadh aige.
- 11 An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus Airteagal 25 de Rialachán REACH sa mhéid gur ceanglaíodh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ar na hiarratasóirí faisnéis a chur isteach maidir le EOGRTS a bhfuil bundearadh aige.
- 12 An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna ECHA earráidí follasacha measúnaithe agus gur sháraigh sé prionsabail maidir le deimhneacht dhlíthiúl agus cosaint na n-ionchas dlisteanach trína cheangal ar na hiarratasóirí faisnéis a chur isteach maidir le EOGRTS a bhfuil bundearadh aige.
- 13 An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh ECHA an dara mír de cholún 2 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH agus prionsabal na comhréireachta trí mhainneachtain scrúdú a dhéanamh féachaint an raibh an oibleagáid a bhfuil cohóirt bhreise 2A agus 2B in EOGRTS comhréireach.
- 14 An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna ECHA earráidí follasacha measúnaithe agus gur sháraigh sé prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus cosaint na n-ionchas dlisteanach trína cheangal ar EOGRTS cohóirt bhreise 2A agus 2B a áireamh.

Réamhbharúlacha maidir le déine athbhreithniú na Cúirte Ginearálta

- 15 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil rogha leathan ag ECHA maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 41 de Rialachán REACH a mhéid a iarrtar air measúnuithe casta eolaíocha agus teicniúla a dhéanamh (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2017, *an Coimisiún v Bilbaína de Alquitranes agus páirtithe eile*, C-691/15 P, EU:C:2017:882, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 16 Mar sin féin, níl feidhmiú na discréide sin eisiata ó athbhreithniú ag an gCúirt. Is fíor gur cásdlí socair é, i gcomhthéacs an athbhreithnithe sin, go gcaithfidh Cúirteanna an Aontais Eorpaigh a fhíorú ar comhlíonadh na rialacha nós imeachta ábhartha, an bhfuil na fíricí arna n-admháil ag an údarás riaracháin luaite go cruinn agus ar tharla earráid fhollasach mheasúnaithe ar na fíorais sin nó mí-úsáid cumhachtaí. (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 18 Iúil 2007, *Industrias Químicas del Vallés v an Coimisiún*, C-326/05 P, EU:C:2007:443, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 17 I ndáil leis sin, chun a shuíomh go ndearna an t-údarás riaracháin earráid fhollasach agus measúnú á dhéanamh ar na fíorais admháil údar a thabhairt leis an gcaingean atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, ní mór don fhianaise a thug an t-iarratasóir ar aird a bheith leordhóthanach chun na measúnuithe fíorasacha a úsáideadh sa bheart sin a dhéanamh sochreidte. Faoi réir an athbhreithnithe inchreidteachta sin, ní hé ról na Cúirte é a measúnú ar fhíorais an-chasta a chur in ionad an mheasúnaithe údar an chinnidh atá faoi chonspóid (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Nollaig 1996 *AIUFFASS agus AKT v an Coimisiún*, T-380/94, EU:T:1996:195, mír 59, agus an 19 Meán Fómhair 2019, *Arysta LifeScience Netherlands v an Coimisiún*, T-476/17, EU:T:2019:618, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

Soiléirithe ar argóintí na n-iarratasóirí i gcoinne an chinnidh tosaigh

- 18 San iarratas, tá cuid d'argóintí na n-iarratasóirí dírithe i gcoinne an chinnidh tosaigh.
- 19 Áitíonn ECHA nach mór a mheas go bhfuil na hargóintí sin neamh-inghlactha nó neamhéifeachtach ar an bhforas nach mbaineann caingean chun cinneadh ón mBord Achomhairc a neamhniú ach le dlíthiúlacht an chinnidh sin.
- 20 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 94(1) de Rialachán REACH, go bhféadfar caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta nó na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE, i gcoinne chinneadh an Bhoird Achomhairc nó, i gcás nach bhfuil aon cheart achomhairc ann os comhair an Bhoird Achomhairc, i gcoinne chinneadh ón ECHA.
- 21 Dá bhrí sin, i gcás cinntí ar féidir achomharc a dhéanamh ina gcoinne os comhair an Bhoird Achomhairc, ní dhéanann Cúirteanna an Aontais Eorpaigh idirghabháil, ach amháin más gá, chun toradh críochnaitheach achomhairc inmheánaigh a fháil amach, is é sin le rá, chun scrúdú a dhéanamh ar an gcinneadh a glacadh ag deireadh an nós imeachta achomhairc os comhair an Bhoird Achomhairc agus, dá bhrí sin, ar chinneadh an Bhoird Achomhairc (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 28 Eanáir 2016, *Heli-Flight v GSEE*, C-61/15 P, nár foilsíodh, EU:C:2016:59, mír 81, agus an 7 Meán Fómhair 2022, *BNetzA v ACER*, T-631/19, EU:T:2022:509, mír 26).
- 22 Ina theannta sin, i gcomhthéacs achomhairc den sórt sin, teorannaíonn an Bord Achomhairc é féin do scrúdú a dhéanamh an de chineál a léiríonn gurb ann d'earráid a dhéanann difear don chinneadh atá faoi chonspóid iad na hargóintí a chuir an t-iarratasóir chun cinn de chineál, agus ní faoin mBord atá sé scrúdú a dhéanamh, tráth a thugann sé a bhreith ar an achomharc, i bhfianaise na bponcanna dlí agus na bhfíoras ábhartha go léir, go háirithe saincheisteanna eolaíoch, cé acu an féidir cinneadh nua leis an gcuid oibríochtúil chéanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid os a chomhair a ghlacadh go dleathach nó nach féidir (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, *BASF Grenzach v ECHA*, T-125/17, EU:T:2019:638, míreanna 59 agus 60).

- 23 I gcás ina léirítear, leis an scrúdú ar na hargóintí a chuir an t-iarratasóir chun cinn le linn na n-imeachtaí, go bhfuil cinneadh ECHA curtha ó bhail mar gheall ar earráid, de bhun Airteagal 93(3) de Rialachán REACH, is faoin mBord Achomhairc atá sé a chinneadh an cas a tharchur ar ais chuig comhlacht inniúil na gníomhaireachta sin nó an aon chumhacht a thagann faoi inniúlacht na gníomhaireachta sin a fheidhmiú (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, *BASF Grenzach v ECHA*, T-125/17, EU:T:2019:638, mír 117).
- 24 Dá bhrí sin, ní mór forálacha ábhartha Rialachán REACH a léiriú sa chaoi go gcuirtear cinntí arna nglacadh ag na Boird Achomhairc in ionad cinntí a rinne ECHA ar dtús agus, dá bhrí sin, nach mór a mheas gurb é ábhar na caingne le haghaidh neamhniú cinneadh an Bhoird Achomhairc lena ndíuláitear don achomharc inmheánach a tionscnaíodh i gcoinne an chinnidh tosaigh (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 28 Eanáir 2016, *Heli-Flight v GSEE*, C-61/15 P, nár foilsíodh, EU:C:2016:59, mír 84; an 20 Meán Fómhair 2019, *an Ghearmáin v ECHA*, T-755/17, EU:T:2019:647, mír 59, agus an 7 Meán Fómhair 2022, *BNetzA v ACER*, T-631/19, EU:T:2022:509, mír 27).
- 25 Dá thoradh sin, ní mór diúltú do na saincheistanna dlí agus do na hargóintí sa chaingean seo atá bunaithe ar lochtanna a bhaineann go sonrach leis an gcinneadh tosaigh agus nach féidir a léiriú sa chaoi go bhfuil siad dírithe i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid ach an oiread mar bheith neamhéifeachtach, ós rud é nach rialaíonn an Chúirt ach ar dhlíthiúlacht an chinnidh dheireanaigh sin (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 11 Nollaig 2014, *Heli-Flight v GSEE*, T-102/13, EU:T:2014:1064, mír 32, agus an 7 Meán Fómhair 2022, *BNetzA v ACER*, T-631/19, EU:T:2022:509, mír 27).
- 26 Mar sin féin, a mhéid atá an cinneadh deireanach sin bunaithe ar na forais a leagadh amach sa chinneadh tosaigh, nó fiú a dheimhniú na forais sin go hintuigthe nó go sainráite, ní mór a mheas go bhfuil saincheistanna agus argóintí uile na caingne sin atá dírithe i gcoinne na bhforas céanna sin go hiomlán éifeachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2022, *BNetzA v ACER*, T-631/19, EU:T:2022:509, mír 28).
- 27 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin a chaithfear anailís a dhéanamh ar argóintí na n-iarratasóirí i gcoinne an chinnidh tosaigh.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH, sa mhéid gur ceanglaíodh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ar na hiarratasóirí faisnéis a chur isteach maidir le EOGRTS a bhfuil bundearadh aige

- 28 I gcomhréir le hAirteagal 12(1)(d) de Rialachán REACH, ceanglaítear ar chláraithe a mhonaraíonn nó a allmhairíonn substaint i gcainníochtaí 100 tona nó níos mó in aghaidh na bliana an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann leis an rialachán sin a sholáthar agus na tograí tástála chun an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an rialachán sin a sholáthar.
- 29 Leagadh síos na ceanglais chaighdeánacha faisnéise le haghaidh EOGRTS i Rialachán REACH le Rialachán (AE) 2015/282 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leasaítear Iarscríbhinní VIII, IX agus X a ghabhann le Rialachán REACH maidir leis an staidéar sínte ar thocsaineacht ar atáirgeadh thar aon ghlúin (IO 2015 L 50, lch. 1). Is staidéar 'inscálaithe' é EOGRTS, i.e. is éard atá ann bundearadh ar féidir eilimintí breise, amhail cohóirt, a chur leis.

- 30 I ndáil leis sin, is léir ó cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH nach mór EOGRTS a bhfuil bundearadh aige a dhéanamh má léiríonn na staidéir ar thocsaineacht ildáileog atá ar fáil (mar shampla, staidéir 28 lá nó 90 lá, staidéir scagtha ECFE 421 nó 422) éifeachtaí díobhálacha ar orgáin atáirgthe nó ar fhíocháin atáirgthe nó má léiríonn siad ábhair inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh.
- 31 Sa chinneadh tosaigh, mheas ECHA, go bunúsach, gur ábhar inní é an laghdú suntasach ar líon na speirmitideacha eipididimeacha eireaballacha na n-ainmhithe sa ghrúpa dáileoige is airde (150 milleagram in aghaidh an chileagram mheáchan coirp in aghaidh an lae (mg/kg bw/lá)) i staidéar ECFE TG 408 maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh de réir bhrí cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH.
- 32 Os comhair an Bhoird Achomhairc, mhaígh na hiarratasóirí, go bunúsach, go ndearna ECHA roinnt earráidí measúnaithe ar na héifeachtaí a tugadh faoi deara i staidéar ECFE TG 408, ar cheart iad a mheas mar bheith coimhdeach agus gan ábharthacht ó thaobh na tocsaineolaíochta de. Mhaígh siad freisin nár chomhlíon ECHA a threoirlínte féin trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtaí a bheith ann amháin agus ní ar chineál díobhálach féideartha na n-éifeachtaí sin.
- 33 Chinn an Bord Achomhairc, agus úsáid á baint as an bhforas céanna leis an gcinneadh tosaigh, gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH leis na héifeachtaí arna bhfáil i staidéar ECFE TG 408. I ndáil leis sin, chinn an Bord Achomhairc nár éifeacht dhíobhálach ar orgáin atáirgthe ná ar fhíocháin atáirgthe é athrú líon na speirmitideacha eipididimeacha eireaballacha ós rud é nach orgán ná fíochán atáirgthe iad na speirmeacha iontu féin. Mheas an Bord Achomhairc, áfach, gur leor torthaí staidéar ECFE TG 408 chun ábhair inní eile a chur in iúl maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh.
- 34 Sa chéad áit, áitíonn na hiarratasóirí nach ionann an conclúid ar dá réir nach ionann líon na speirmitideacha eipididimeacha eireaballacha agus éifeacht dhíobhálach ar orgáin ná ar fhíocháin atáirgthe, a mhéid nach fíochán atáirgthe ná fíochán atáirgthe iad na speirmeacha, agus áitíonn siad gur earráid fhollasach mheasúnaithe é sin.
- 35 Dar leis na hiarratasóirí, tá speirmeacha i láthair agus á dtomhas sna huiríocha agus san eipididimis, ar orgáin atáirgthe iad de réir sainmhíniú agus i bhfianaise na bprionsabal eolaíoch is bunúsaí (is é an eipididimis an feadán a iompraíonn speirmeacha ó na huiríocha) ar chaoi gurb ionann aon éifeacht ar na speirmeacha ina héifeacht ar na horgáin atáirgthe nó ar na fhíocháin atáirgthe ina bhfaightear na speirmeacha (uiríocha nó eipididimis).
- 36 Cuireann ECHA i gcoinne na hargóinte sin.
- 37 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó mhír 33 thuas, gurbh é an chúis a bhí leis an oibleagáid maidir le EOGRTS a bhfuil bundearadh aige, *inter alia*, gur leor torthaí staidéir ECFE TG 408 chun ábhair inní eile a chur in iúl maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh, de réir bhrí an dara coinníoll i gcolún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH.
- 38 Dá bhrí sin, ní hé gur bhunaigh an Bord Achomhairc an cinneadh atá faoi chonspóid, a mhéid a cheanglaíonn sé ar na hiarratasóirí faisnéis a sholáthar ar EOGRTS a bhfuil bundearadh aige, ar an bhfíoras gur léirigh na staidéir a bhí ar fáil éifeachtaí díobhálacha ar orgáin atáirgthe nó ar fhíocháin atáirgthe amháin, de réir bhrí an chéad choinníll i gcolún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH.

- 39 Ní mór a mheas, dá bhrí sin, nach bhfuil argóint na n-iarratasóirí maidir le héifeacht dhíobhálach fhéideartha a bheith ann ar orgáin atáirgthe nó ar fhíocháin atáirgthe dírithe ar fhoras an chinnidh atá faoi chonspóid a thacaíonn leis an gcuid oibríochtúil den chinneadh sin ann féin.
- 40 Sna himthosca sin, ní mór diúltú don argóint sin toisc í a bheith neamhéifeachtach a mhéid nach féidir léi amhras a chaitheamh ar fhoras an chinnidh atá faoi chonspóid bunaithe ar staidéar TG 408 ECFE, a thacaíonn leis an gcuid oibríochtúil den chinneadh sin ann féin.
- 41 Sa dara háit, áitíonn na hiarratasóirí go n-ardaíonn conclúid ECHA go bhfuil an laghdú suntasach líon na speirmitideacha eipididimeacha eireaballacha ina ábhair inní bhreise maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh agus is earráid dlí agus earráid fhollasach mheasúnaithe atá i gceist.
- 42 Cuireann ECHA i gcoinne na hargóinte sin.
- 43 Ar an gcéad dul síos, maíonn na hiarratasóirí, go bunúsach, go ndearna an Bord Achomhairc earráid dlí nuair a chinn sé nár ceanglaíodh ar ECHA a léiriú go raibh éifeachtaí díobhálacha ann agus faisnéis ar EOGRTS á hiarraidh aige ar bhonn ábhair inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh.
- 44 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó mhír 30 thuas, nach mór EOGRTS a bhfuil bundearadh aige a dhéanamh má léiríonn na staidéir ar thocsaineacht ildáileog atá ar fáil éifeachtaí díobhálacha ar orgáin atáirgthe nó ar fhíocháin atáirgthe nó má léiríonn siad ábhair inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh.
- 45 Ar dtús, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ó úsáid as an gcónaisc comhordaitheach ‘nó’ gur rogha mhalartach iad an coinníoll a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha ar orgáin nó ar fhíocháin atáirgthe a léiriú agus an coinníoll a bhaineann le teacht chun cinn ábhair inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh.
- 46 Dá bhrí sin, cuireann foclaíocht cholún 1 de Roinn 8.7.3 d’Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH cosc ar an léiriú go nglactar leis, leis an gcoinníoll a bhaineann le teacht chun cinn ábhar inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh, go léirítear léiriú na n-éifeachtaí díobhálacha, ós rud é nach gceanglaítear an léiriú sin ach amháin don chéad choinníoll a leagtar síos leis an bhforáil sin.
- 47 De réir cásdlí socair, i gcás ina bhfuil foclaíocht forála gan débhrí, ní féidir le léiriú i bhfianaise an chomhthéacs dhlíthiúil ar cuid de í a bheith mar thoradh ar an éifeacht phraiticiúil uile a bhaint d’fhoclaíocht shoiléir agus bheacht na forála sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Nollaig 2005, *BCE v an Ghearmáin*, C-220/03, EU:C:2005:748, mír 31, agus an 28 Feabhra 2008, *Carboni e derivati*, C-263/06, EU:C:2008:128, mír 48).
- 48 Sa chás seo, ós rud é gur léir ó fhoclaíocht cholún 1 de Roinn 8.7.3 d’Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH nach bhfuil an coinníoll a bhaineann le teacht chun cinn ábhair inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh ag brath ar léiriú na n-éifeachtaí díobhálacha a léiriú, ní mór diúltú d’argóintí na n-iarratasóirí bunaithe ar léiriú na forála sin i bhfianaise a staire reachtaí nó a comhthéacs reachtaigh, ós rud é go mbeadh de thoradh ar léiriú den sórt sin go mbainfí gach éifeacht phraiticiúil d’fhoclaíocht shoiléir agus bheacht na forála sin.

- 49 Is amhlaidh atá maidir leis an argóint nach féidir le hábhar inní suibiachtúil EOGRTS a spreagadh in éagmais sásraí oibiachtúla cinntitheacha, toisc nach féidir leis amhras a chaitheamh ar fhoclaíocht shoiléir cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH.
- 50 Is gá freisin diúltú d'argóint na n-iarratasóirí, bunaithe ar an léiriú ar an dara mír de cholún 2 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán REACH, a rinneadh i mbreithiúnas an 29 Márta 2023, *Nouryon Industrial Chemicals agus páirtithe eile v an Coimisiún* (T-868/19, EU:T:2023:168, míreanna 103 go 105), ónar léir go n-éilítear le teacht chun cinn ábhair inní go léireofar éifeachtaí díobhálacha atá tromchúiseach nó tromchúiseach go leor.
- 51 Go deimhin, ar thaobh amháin, tá an fhoclaíocht a léirítear i mbreithiúnas an 29 Márta 2023, *Nouryon Industrial Chemicals agus páirtithe eile v an Coimisiún* (T-868/19, EU:T:2023:168), éagsúil le colún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH agus, ar an taobh eile, níl aon tionchar ag na sleachta a luaigh na hiarratasóirí, a bhaineann leis an gcoincheap 'ábhar inní ar leith', ar an gceist an nglactar le léiriú éifeachtaí díobhálacha leis an gcoincheap 'ábhar inní a bhaineann le tocsaineacht ar atáirgeadh'. Thairis sin, ní thacaíonn míreanna 103 agus 104 den bhreithiúnas sin le hargóintí na n-achomharcóirí. Go háirithe, luaitear i mír 103 den bhreithiúnas sin gur léir ó fhoclaíocht iarbhir an dara mír de cholún 2 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán REACH, agus go háirithe ón bhfocal 'baineann', a chiallaíonn sa chomhthéacs atá i gceist 'ábhar inní', chun go mbeidh ábhar inní den sórt sin ann, nach mór d'fhaisnéis de chineál áirithe atá i seilbh na gcláraithe nó an údaráis inniúil a shuíomh go bhfuil éifeachtaí néarthocsaineacha forbraíochta ag an tsubstaint atá i gceist, beag beann ar éifeachtaí a bheadh mar thoradh ar thocsaineacht níos ginearálta, nó fiú as a n-eascródh eagla réasúnach go bhféadfadh éifeachtaí den sórt sin a bheith aici.
- 52 Ar an dara dul síos, maíonn na hiarratasóirí gur mhainnigh ECHA a chruthú gurb ann d'éifeachtaí tromchúiseacha agus diana sa chás seo.
- 53 Mar sin féin, ós rud é gur léir ón léiriú litriúil ar cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH nach gceanglaítear ar ECHA a chruthú go bhfuil éifeachtaí díobhálacha ann, ní mór diúltú don argóint seo mar argóint atá neamhéifeachtach.
- 54 Ar deireadh, i míreanna 59 go 61 den iarratas, meabhraíonn na hiarratasóirí ábhar an chinnidh tosaigh, áitíonn siad 'nach gcomhlíonann aon cheann de na torthaí ar bhraith [ECHA] ceanglais Iarscríbhinn [IX a ghabhann le REACH], mar a fheicfear' agus maíonn siad nach raibh conclúidí na staidéar a ndearnadh anailís orthu sa chinneadh tosaigh agus ansin sa chinneadh atá faoi chonspóid ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta de.
- 55 Measann ECHA gur cheart diúltú do na hargóintí sin, atá dírithe i gcoinne an chinnidh tosaigh, toisc iad a bheith neamh-inghlactha nó, in aon chás, toisc iad a bheith neamhéifeachtach.
- 56 Mar sin féin, ní mór a mheas gurb é atá sna hargóintí sin meabhrúcháin ar na hargóintí a cuireadh chun cinn le linn an nós imeachta riaracháin agus go bhfuil forluí idir na hargóintí seo agus na hargóintí a cuireadh chun cinn i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, agus mar thoradh air sin go bhfreagrófar iad i gcomhthéacs an scrúdaithe ar an tríú saincheist dlí.
- 57 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo agus faoi réir na n-argóintí dá dtagraítear i mír 54 thíos a chuirfear san áireamh ag céim níos déanaí, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus Airteagal 25 de Rialachán REACH sa mhéid gur ceanglaíodh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ar na hiarratasóirí faisnéis a chur isteach maidir le EOGRTS a bhfuil bundearadh aige

- 58 Áitíonn na hiarratasóirí, go bunúsach, gur glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid de shárú ar phrionsabal na comhréireachta agus ar Airteagal 25 de Rialachán REACH a mhéid nach raibh gá le EOGRTS a bhfuil bundearadh aige agus nárbh é an staidéar is iomchuí é chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inmí líomhnaithe faoi Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH.
- 59 Cuireann ECHA i gcoinne na hargóinte sin.
- 60 Maíonn na hiarratasóirí, ar an gcéad dul síos, gur sháraigh ECHA prionsabal na comhréireachta trína mheas nach raibh feidhm ag an bprionsabal sin agus trí mhainneachtain a lánrogha a fheidhmiú, i gcomhréir leis an bprionsabal sin, nuair a mheas sé go raibh ábhair inmí eile ann maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh lena gceanglaítear orthu faisnéis a chur isteach maidir le EOGRTS faoi cholún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH.
- 61 I ndáil leis seo, ba cheart a mheabhrú go gceanglaíonn prionsabal na comhréireachta, atá ar cheann de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh, nach rachaidh gníomhartha an Aontais Eorpaigh thar theorainneacha a bhfuil iomchuí agus riachtanach chun na cuspóirí dlísteanaigh atá á saothrú leis an rialachán i dtrácht a bhaint amach, agus é intuigthe, i gcás ina bhfuil rogha ann idir roinnt beart iomchuí, gur cheart an ceann is lú sriantach a úsáid agus nach mór na míbhuntáistí a eascraíonn as a bheith díréireach leis na cuspóirí atá á saothrú (féach breithiúnas an 7 Márta 2013, *Rütgers Germany agus páirtithe eile v ECHA*, T-96/10, EU:T:2013:109, mír 133 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 62 Sa chás seo, i gcomhréir le hAirteagal 10(a)(vi) de Rialachán REACH, arna léamh i gcomhar le colún 1 de Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin, ní mór, i bprionsabal, faisnéis a bheith i sainchomhad clárúcháin cláraí, chun substaintí dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin a mhonarú nó a allmhairiú, i bhfoirm achoimrí ar EOGRTS a bhfuil bundearadh staidéir aige faoi na 'ceanglais chaighdeánacha faisnéise' má léiríonn na staidéir ar thocsaineacht ildáileog atá ar fáil (mar shampla, staidéir 28 lá nó 90 lá, staidéir scagtha ECFE LD 421 nó 422) éifeachtaí díobhálacha ar orgáin atáirgthe nó ar fhíocháin atáirgthe nó má léiríonn siad ábhar inmí eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh.
- 63 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go leagtar amach i gcolún 1 d'Iarscríbhinní VII go X a ghabhann le Rialachán REACH na staidéir a gceanglaítear ar chláraí achoimrí a sholáthar ina leith, ag brath ar na cainníochtaí a mhonaraítear nó a allmhairítear a bhfuil sé beartaithe aige an tsubstaint atá i gceist a chlárú ina leith. Liostaítear i gcolún 2 d'Iarscríbhinní VII go X a ghabhann le REACH na rialacha sonracha maidir le modhnú nó ionadú na faisnéise caighdeánaí a cheanglaítear le faisnéis eile a sholáthraítear ag céim eile nó a cuireadh in oiriúint ar bhealach eile (oiriúnuithe sonracha). I gcás ina gceadaítear leis na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 2 d'Iarscríbhinní VII go X a ghabhann le Rialachán REACH oiriúnuithe sonracha a mholadh, ní mór do chláráithe an méid sin a chur in iúl go soiléir agus na cúiseanna le gach oiriúnú a lua faoi cheannteideal iomchuí an tsainchomhaid clárúcháin. Sa bhreis ar na hoiriúnuithe sonracha sin, féadfaidh cláráithe staonadh ó staidéir a dhéanamh i gcás inar féidir leo a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán REACH (oiriúnuithe ginearálta).

- 64 Thairis sin, luaitear sa dara mír d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH go leagtar amach i gcolún 1 den iarscríbhinn sin an fhaisnéis chaighdeánach nach mór a sholáthar maidir le gach substaint a mhonaraítear nó a allmhairítear i gcainníochtaí 100 tona nó níos mó, i gcomhréir le hAirteagal 12(1)(d) den Rialachán sin.
- 65 Leanann sé ó na forálacha sin, i gcás ina léiríonn na staidéir ar thocsaineacht ildáileog atá ar fáil éifeachtaí díobhálacha ar orgáin atáirgthe nó ar fhíocháin atáirgthe nó ina léiríonn siad ábhar inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh, go gceanglaítear ar ECHA a cheangal ar chláráithe, i gcás substaintí a mhonaraítear nó a allmhairítear i gcainníochtaí 100 tona nó níos mó, faisnéis a chur ar fáil maidir le EOGRTS le cumraíocht bhunúsach, mura féidir oiriúnú (sainoiriúnaithe nó ginearálta) a chur i bhfeidhm.
- 66 Ós rud é go bhfuil comhthuiscint idir na páirtithe nach raibh aon oiriúnú ginearálta ná sonrath infheidhme sa chás seo, ceanglaíodh ar ECHA, dá bhrí sin, tar éis a chinneadh gur léirigh na staidéir ar thocsaineacht ildáileog atá ar fáil ábhar inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh, a cheangal ar na hiarratasóirí faisnéis a sholáthar ar EOGRTS a bhfuil bundearadh aige.
- 67 Murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, níor ceanglaíodh ar ECHA, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh féachaint an raibh gá le EOGRTS agus an staidéar is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní líomhnaithe faoi Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 29 Márta 2023, *Nouryon Industrial Chemicals agus páirtithe eile v an Coimisiún*, T-868/19, EU:T:2023:168, míreanna 69 agus 70, agus an 28 Meitheamh 2023, *Polynt v ECHA*, T-207/21, nár foilsíodh, EU:T:2023:361, mír 110).
- 68 Ós rud é gur chinn reachtas an Aontais go raibh an beart lena gceanglaítear faisnéis a sholáthar ar EOGRTS a bhfuil bundearadh aige comhréireach, ní féidir ECHA a cháineadh as prionsabal na comhréireachta a shárú tríd an mbeart sin a ghlacadh.
- 69 Thairis sin, níor líomhaigh na hiarratasóirí go bhfuil Rialachán REACH neamhdhleathach i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta.
- 70 Ós rud é go raibh rogha ag an ECHA maidir le measúnú a dhéanamh ar an gceist chasta i dtaobh ar léirigh na staidéir ar thocsaineacht ildáileog atá ar fáil go raibh éifeachtaí díobhálacha ar orgáin atáirgthe nó ar fhíocháin atáirgthe nó ábhar inní eile maidir le tocsaineacht ar atáirgeadh, ní tharraingítear amhras ar an gconclúid sin.
- 71 Go bunúsach, baineann an rogha a bheith ann leis an gceist an gcomhlíontar na coinníollacha arna leagan síos ag reachtas an Aontais i Roinn 8.7.3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán REACH agus ní mór idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na hiarmhairtí a chuireann reachtas an Aontais ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin, nach bhfuil aon lánrogha ag ECHA ina leith.
- 72 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí ina leith sin.
- 73 Maidir leis an argóint lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 25 de Rialachán REACH, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar réamhphointe, gur leag reachtas an Aontais síos, mar phríomhchuspóir na hoibleagáide clárúcháin a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán REACH, an cuspóir ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú. Is é an bealach chun an cuspóir sin a bhaint amach, mar a luaitear in aithris 19 de Rialachán REACH, an oibleagáid chlárúcháin a fhorchuirtear ar mhonaróirí agus ar allmhaireoirí, lena n-áirítear an oibleagáid

sonraí a tháirgeadh maidir leis na substaintí a mhonaraíonn siad nó a allmhairíonn siad, na sonraí sin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na substaintí sin agus bearta bainistithe riosca iomchuí a fhorbairt agus a mholadh (breithiúnas an 7 Iúil 2009, *S.P.C.M. agus páirtithe eile*, C-558/07, EU:C:2009:430, míreanna 45 agus 46).

- 74 Is fíor go saothraítear an cuspóir maidir le cosaint ainmhithe a áirithiú le Rialachán REACH freisin, go háirithe le hAirteagal 13(1) agus le hAirteagal 25(1) de. Go deimhin, de réir na forála deireanaí sin, ní dhéanfar tástálacha ar ainmhithe veirteabracha a dhéantar chun críocha an Rialacháin sin ach amháin mura bhfuil aon réiteach eile ann (breithiúnas an 28 Meitheamh 2023, *Polynt v ECHA*, T-207/21, nár foilsíodh, EU:T:2023:361, mír 107).
- 75 Mar sin féin, deimhnítear leis na ceanglais faisnéise a leagtar amach in Iarscríbhinní VII go X a ghabhann le Rialachán REACH nach féidir tástáil ar ainmhithe a sheachaint i ngach cás. I gcásanna áirithe, ní sholáthróidh ach tástálacha ar ainmhithe veirteabracha faisnéis eolaíoch leordhóthanach chun bearta a dhéanamh chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint (breithiúnas an 28 Meitheamh 2023, *Polynt v ECHA*, T-207/21, nár foilsíodh, EU:T:2023:361, mír 108).
